



Northern Periphery and  
Arctic Programme  
2014–2020



EUROPEAN UNION

Investing in your future  
European Regional Development Fund

# LECo

## Local Energy Communities



**Bealaí le haistriú fuinnimh a  
bhrostú i bpobail: Lámhleabhar  
do mhuintir na hÉireann**



# LECo

## Local Energy Communities

Tá togra LECo (Local Energy Communities) ag tabhairt tacaíochta do bhordais bheaga agus an phobail i réigiúin na bpáirtneírí Eorpacha (An Fhionlainn, Éire, An Iorua agus An tSualainn) chun tionscnamh fuinnimh a chur i gcrích. Tá an lámhleabhar seo foilsithe chun treoir a thabhairt do ghrúpaí pobail maidir le tionscnamh fuinnimh a chur i gcrích ó thús go deireadh. Tá naisc idirlinne agus moltaí san áireamh sa lámhleabhar seo chun saoránaigh a dhéanamh níos gníomhaí i dtaca le forbairt polasaithe fuinnimh.

Tá an t-eolas seo forbartha ag páirtneír LECo LTU (Lulea University of Technology). Tá leasaithe déanta ar an ndoiciméid seo ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Údarás na Gaeltachta le gnéithe atá níos oiriúnaí d'Éirinn a chur san áireamh.

### AG CUR DO THIONSCNAMH I GCRÍCH

De ghnáth tosaíonn tograí maidir le fuinnimh in-athnuaite agus tograí le bheith níos éifeachtaí ó thaobh úsáid fuinnimh le coiste nó táirgeoirí fuinnimh atá ag iarraidh costais fuinnimh a laghdú agus iad ag breathnú ar fhéidearthachtaí maidir le hioncam breise a thuilleamh.

Tá tréithe comónta sna tionscnaimh seo uilig, is iad sin go dtéann siad chun leasa an phobail agus go gcothaítear timthriall eacnamaíochta ina bhfanann an t-airgead sa cheantar.

### Ag tosú do thogra

Ba chóir an clár fuinnimh pobail a nascadh le straitéisí fuinnimh an chontae agus an réigiúin, rud a chuideoidh le gnéithe pleanála ar bith agus próiseas maoinithe sa todhchaí. Ba chóir fíís shoiléir a bheith ag an ngrúpa sa bhealach inár

féidir le lucht cónaithe agus an pobal áitiúil buntáistí a bhaint amach as an togra, chomh maith le feasach a ardú chun rannpháirtíocht an phobail a chinntiú.

Is fiú cruinnithe poiblí a eagrú agus agallaimh a chuir ar dhaoine atá lárnach sa phobal maidir le féidearthachtaí úsáidte fuinnimh in-athnuaite chun cuidiú leis an bpróiseas seo. Is fiú freisin breathnú ar thionscnaimh i bpobail eile le bunús agus tuiscint mhaith a bheith ag an phobal nua ar na dualgais a bheas faoi úinéireacht an phobail sin. In Éirinn, go tipiciúil is grúpa pobail a bhíonn i gceist sa phróiseas seo, nó Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta nó Comharchumann Fuinnimh.

Nuair atá na baill pobail agus na páirtithe leasmhara eagraithe, aontaithe agus toil an phobail faighte, is féidir an smaoineamh a sheoladh. Caithfear aontú ar aidhmeanna agus ar cuspóirí agus beidh soiléiriú maidir le ról agus freagrachtaí taobh istigh den eagraíocht agus bainistíocht an tionscnamh le deimhniú freisin.

An chéad chéim eile ná an tionscnamh a chur i gcrích. Ar dtús báire is fiú teagmháil a dhéanamh le Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (Sustainable Energy Authority Ireland) atá freagrach as an aistriú fuinnimh go híseal carbóin. Tá Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ag réachtáil gréasáin darbh ainm an 'Clár Pobail Fuinnimh Inmharthana' (SEC- Sustainable Energy Community) mar a bhfuil 180 pobal ina mbaill de ghréasán fríd an tír atá ag iarraidh bheith níos éifeachtaí ó thaobh cúrsaí fuinnimh pobail de. Is é aidhm an ghréasáin seo ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do ghluaiseacht náisiúnta an Chláir Pobail Fuinnimh Inmharthana i ngach contae sa tír. Le chéile is féidir linn bheith níos éifeachtachta ó thaobh cúrsaí fuinnimh de, fuinneamh in-athnuaite a úsáid nuair is féidir agus teicneolaíocht fuinnimh chliste a úsáid freisin.

<https://www.seai.ie/sustainable-solutions/community-projects/community-network/>

## Cead pleanála agus úsáid talún

Má tá aontú nó ceadúnas rialaí de dhíth le haghaidh togra, mar shampla cead pleanála, nascadh leis an ngréille (más féidir) nó Ráiteas Tionchair Timpeallachta (Environmental Impact Statement) is féidir le costas mór a bheith leis seo ó thaobh cúrsaí airgeadais agus cúrsaí ama de. Ach, tá eisceachtaí pleanála ar fáil i leith teicneolaíochtaí micrighiniúint i gcásanna áirithe. Féach thíos;

Please see [https://www.seai.ie/resources/publications/Conditional\\_Planning\\_Exemptions.pdf](https://www.seai.ie/resources/publications/Conditional_Planning_Exemptions.pdf).

**Ba chóir dul i dteagmháil** le hoifig pleanála na Comhairle Contae ar dtús chun eolas a fháil maidir le cead pleanála agus polasaithe dearbhaithe. Ag brath ar an teicneolaíocht atá roghnaithe, cumas, dearadh amhairc, mionshonraí an phlean ar thalamh agus fachtóirí eile atá ábhartha don oifigeach pleanála maidir le rialaí eile, beidh an t-oifigeach ábalta an grúpa a chur ar an eolas maidir leis an gcead pleanála atá de dhíth ón gComhairle Chontae. Beidh eolas freisin ag comhairleoirí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus suiteálaithe/conraitheoirí le taithí ar ghnéithe pleanála do thograí fuinnimh agus is féidir leo cuidiú sa bhealach seo.

In Éirinn, is féidir don chuid is mó de, athraithe a dhéanamh ar fhoirgneamh tráchtála, ina measc insliú agus athchur ar chóras teasa le dearbhú eisceacht pleanála amháin. Is le hathraithe suntasach amháin gur gá cead pleanála a lorg. Mar shampla, beidh gá le cead pleanála do ghrianchóras ar dhíon níos mó ná 50 méadar cearnach nó 50% d'achar an díon ina iomlán. Do thograí móra gaoithe tá treoiríníte le fáil anseo. <https://www.seai.ie/sustainable-solutions/renewable-energy/wind-energy/>

Do thograí cumhachta hidrea beaga agus gníomhachtaí ar bith a bhfuil éifeacht aige ar abhainn tá cead riachtanach de réir reachtaíocht timpeallachta.

Ba chóir comhairle dhlí a lorg i gcásanna go bhfuil togra ar láithreán nua, mar shampla córas gréine nó tuirbín gaoithe ar thalamh. Bheadh úinéireacht agus gníomhas teidil de dhíth sa chás seo áit go bhféadfaí talamh a fháil ar léas nó a cheannach.

## Maoiniú an togra

Tá plean, struchtúr maith eagraíochta agus taithí mhaith bainistíochta i dtograí riachtanach d'iarrais maoinithe rathúla.

Tá féidearthachtaí maoinithe ar fáil ó chlár rialtais do thograí mar seo agus is fiú scrúdú a dhéanamh ar an gcritéir maoinithe. Is féidir maoiniú a fháil freisin ó thionscnamh

forbairt pobail, struchtúir maoinithe, atógáil pobail, feabhas a chur ar thithíocht, iontaobhas carthanais, an Crannchur Náisiúnta agus maoiniú ón earnáil príobháideach. I bhformhór na gcásanna beidh co-mhaoiniú ón phobal ag teastáil.

## Tá cuid mhór tacaíochtaí ó thaobh deontais ag Údarás Inmharthana na hÉireann (SEAI). Ina measc.

- <https://www.seai.ie/grants/home-grants/>
- <https://www.seai.ie/grants/business-grants/>
- <https://www.seai.ie/grants/community-grants/>
- <https://www.seai.ie/grants/electric-vehicle-grants/>
- <https://www.seai.ie/grants/research-funding/>

### Other funding sources include:

- <https://www.hse.ie/eng/services/list/1/schemes/natlotterygrants/>
- <https://www.wheel.ie/Funding>
- <https://www.pobal.ie/programmes/leader-programme-2014-2020/>

## Cuir chuige agus cuir i gcrích an togra

Nuair atá ceadanús agus dearbhaithe comhlíonta, is féidir soláthraí oillte a cheapadh don chonradh. Cuirfidh an conraitheoir sin an córas isteach agus cuirfidh siad na doiciméidí ábharacha ar fáil chomh maith le traenáil agus eolas cothabhála a thabhairt don phobal. Déantar tástáil ar an gcóras chomh maith. Ansin, seoltar fianaise don maoinitheoir ag leiriú go bhfuil an córas curtha i bhfearas agus dualgaisí comhlíonta ag an gconraitheoir. Caithfear tuairisc ar dhul chun cinn an togra a dhéanamh nuair atá sé críochnaithe freisin.

Sa tuairisc ba chóir doiciméidí agus measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim an grúpa ón togra. Ina measc, ba chóir tagairtí a dhéanamh ar cheachtanna a foghlamaíodh, fadhbanna ar bith a sáraíodh agus na buntaistí agus na rudaí dearfacha a tháinig amach as an togra. Tá an ghné seo tábhachtach don phobal ó thaobh eolas a aistriú agus cuidiú le tograí eile teacht chun cinn.

## Struchtúir Eagraíochta do thograí beaga fuinnimh

Go tipiciúil is grúpa pobail nó Comharchumann a bhíonn i gceist sa phróiseas seo, nó Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta nó Comharchumann Fuinnimh.

- **Eolas ar Chomharchumann Fuinnimh:** [www.energyco-ops.ie](http://www.energyco-ops.ie); [www.icos.ie](http://www.icos.ie)
- **Tacaíocht do ghrúpaí phobail:** [www.carmichaelcentre.ie](http://www.carmichaelcentre.ie); <https://www.wheel.ie/content/whats-out-there>
- **Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta a chlarú:** [www.cro.ie/Registration/Company](http://www.cro.ie/Registration/Company)

## TEICNEOLAÍOCHT AGUS CINEÁLACHA TOGRAÍ:

Tábla: Tograí le bheith níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh, fuinnimh in-athnuaite – leictreachas agus teas agus soláthar bithfhuinneamh.

Leictreachas In-Athnuaite	Téamh & Fuarú In-athnuaite	Breosla In-athnuaite	Éifeacht ar fhuinnimh
Fuinnimh Gaoithe (ar an gcladach)	Grian teas tí (uisce te agus teas)	Bith díosal	Feabhas a chur ar chlúdach foirgnimh
Fuinnimh taoide & tonnta	Large solar thermal heat integrated with DH	Bith eatónól	Caighdeán níos airde tógála a chur i gcrích
Grian PV beag (dión tí nó ceann beag ar thalamh)	Fuarú grian teas	Ola plandaí	Foirgnimh chónaithe
Grian PV mór (ar dhíon nó ar thalamh)	Teaschaidéal (Heat pump) faoi thalamh agus córas teasa úrlár	Slis adhmaid/ millíní adhmaid/ fuíoll adhmaid	Foirgneamh Poiblí Foirgneamh tráchtála Árasán
Cumhacht Hidrea beag	Teaschaidéal uisce (lochanna, abhainn agus an fharraige)	Móin do choirí téamh ceantair; móin do thithe	
Bithghás leictreach nó Meascán teas agus cumhacht (CHP-combined heat and power).	Teaschaidéal aer		Soilse sráide
CHP beag rite ar adhmaid.	Coirí adhmaid	Teaschaidéal	
Coirí móna Córas áitiúla teasa CHPs: • Bith ghas -CHP • Adhmaid fired-CHP • Móin co-fired-CHP	Coirí rite ar bithghás agus bithdhíosal	<b>An earnáil iompar:</b> Díriú ar shiúil, rothaíocht agus iompar poiblí Bithghás do bhusanna & srl Feithicil leictreacha, pointí luchtaithe leictrigh	
Micri-grille agus stóráil leictreachais: • Ar chúil an mhéadair • Ar an ngrille	Coirí áitiúla teasa: • Bithghás • Adhmaid • Móin		

### Ag cuir feabhas ar fhoirgnimh agus ag athrú córais teasa:

- **SEAI:** <https://www.seai.ie/grants/home-grants/better-energy-homes/heat-pump-systems/>
- **SEAI:** <https://www.seai.ie/grants/home-grants/deep-retrofit-programme/>
- **Irish Green Building Council:** [www.igbc.ie](http://www.igbc.ie)

### Cumhacht Hidrea:

- **SEAI:** <http://maps.seai.ie/giswiki/maps/hydro-power-map/>
- **Irish Hydropower Association:** <http://www.irishhydro.com/>

### Griantheas:

- **SEAI:** <https://www.seai.ie/sustainable-solutions/renewable-energy/solar-energy/>

### • Irish Solar Energy Association:

[www.irishsolarenergy.org/](http://www.irishsolarenergy.org/)

### Gaoth:

- **SEAI:** <https://www.seai.ie/sustainable-solutions/renewable-energy/wind-energy/>
- **Irish Wind Energy Association:** [www.iwea.ie](http://www.iwea.ie)

### Bithfhuinnimh:

- **SEAI:** <https://www.seai.ie/sustainable-solutions/renewable-energy/bioenergy/>
- **Irish Bioenergy Association:** [www.irbea.ie](http://www.irbea.ie)

### BithGhás:

- **SEAI:** <https://www.seai.ie/resources/publications/Assessment-of-Cost-and-Benefits-of-Biogas-and-Biomethane-in-Ireland.pdf>

## RANPHÁIRTÍOCHT SAORÁNAIGH AGUS FORBAIRT POBAIL

I gcomhthéacs na gluaiseachta fuinnimh le húsáid charbóin a laghdú, tá ról úr ag grúpaí pobail le sonrú. Tá grúpaí pobail ag dul ó pháirt neamhghníomhach go páirt ghníomhach, le bheith éifeachtach ó thaobh cúrsaí fuinnimh de. Is féidir le saoránaigh a bhfuil suim acu bheith gníomhach i dtograí fuinnimh ionchur a bheith acu ar pholasaithe náisiúnta agus go réigiúnach i dtaobh an phróiseas pleanála agus comhchomhairle poiblí.

Mar shampla, ghlac cuid mhór grúpaí pobail páirt i gcomhchomhairle an Renewable Electricity Support Scheme (RESS) a dhruid i Mí na Samhna 2017. Bhí béim mhór ar mhúnlaí úinéireachta, buntáistí áitiúla, agus taraif dreasachta (feed-in tariff). Bhí éisteachtaí poiblí, seimineár, seó bóthair, iarratais scríofa chuig comhairlí áitiúla, litreacha chuig na meáin agus ionchur sna meáin shóisialta mar chuid den comhchomhairle seo. Tá comhairleoirí fuinnimh agus oifigí fuinnimh tábhachtach toisc go bhfuil siad ag plé go díreach le saoránaigh agus Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME's). Tá cuireadh ag saoránaigh agus eagraíochtaí pobail páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mar seo. I ngach contae tá deiseanna ag saoránaigh ionchur a bheith acu i bhforbairt na bpleananna fuinnimh.

### Moltaí d'athraithe polasaí agus rannpháirtíocht:

- Faoi láthair níl taraif dreasachta do mhicrighníúint in Éirinn, agus de bharr seo níl rannpháirtíocht an phobail le feiceáil ach i gcás úsáid shuntasach ar an láthair. Ní raibh seo pléite ag an gcomhchomhairle RESS ach is rud é go gcaithfear a phlé sna todhchaí.
- Níl tús áite ag grúpaí pobail d'úsáid an ghreille. Bhí seo pléite ag an gcomhairle RESS agus muid ag fanacht le haiseolas.
- Is gá rannpháirteachas páirtithe leasmhara áitiúla do phlean agus forbairt athraithe fuinnimh inmharthana.
- Ba chóir do ghrúpaí pobail atá gníomhach agus ag cuir le tograí fuinnimh buntáistí airgeadais agus sóisialta a bhaint amach.
- Ba chóir dreasacht chánach do thograí fuinnimh in-athnuaite a chur ar fáil.
- Ba chóir do mhúnlaí co-úinéireachta a bheith éigeantach sna todhchaí mar shampla go mbeadh buntáistí díreacha agus fad-théarmach le sonrú ag an bpobal i gcás páirceanna gaoithe agus páirceanna griantheasa. Ba chóir do ghrúpaí bheith ag moladh reachtaíochta a chur ar fáil

a dhéanann tagairt do thograí nua agus do thograí atá tógtha cheana fhéin sa chaoi is go mbeadh aisíoc éigean don phobal. Bhí sé seo luaite ag an gcomhchomhairle RESS agus táthar ag fanacht le haiseolas i dtaobh an pointe seo. Bhí sprioc 20% infheistíocht ón phobal luaite le fad faoi leith (b'fhéidir 5km) do thograí in-athnuaite sna todhchaí atá níos mó ná méid atá aontaithe (b'fhéidir 500kW). Níl ach 4 comharchumann bunaithe in Éirinn ó 2016 agus ní úsáidtear an múnla úinéireacht roinnte go forleathan.

### Ag brostú athraithe fuinnimh a phobal

- Oifigí fuinnimh áitiúil a bhunú agus comhairleoirí fuinnimh a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (SME's) agus tograí pobail i dtaca le tograí a aithint, tacaíocht scríofa ó thaobh airgeadais agus forbairt agus cur i gcrích an togra.
- Polaiteoirí agus fiontrairthe le bheith rannpháirteach sa phróiseas.
- Saineolaí a cheapadh agus tograí a chur chun cinn chun cuidiú leis an easpa eolais.
- Maoiniú fad-théarmach a chur ar fáil do thograí fuinnimh agus aeráide i ngach ceantar.
- Tacaíocht comhairleora a thabhairt maidir le Comharchumainn Fuinnimh a bhunú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas iarratais chun é a dhéanamh níos simplí chun tacaíocht a thabhairt do chláir.
- Tacaíocht airgeadais a thabhairt do dhul chun cinn teicneolaíocht neodrach do thograí beaga soláthar fuinnimh agus tacaíochtaí a thabhairt do thithe cónaithe le bheith níos éifeachtaí ó thaobh úsáid fhuinnimh de.

## NAISC SHUIMIÚLA EILE

- Tipperary Energy Agency: [www.tippenergy.ie/](http://www.tippenergy.ie/)
- Dublin Energy Agency: [www.codema.ie](http://www.codema.ie)
- Three Counties Energy Agency: [www.3cea.ie](http://www.3cea.ie)
- Friends of the Earth: [www.foe.ie/energy/communityenergy.html](http://www.foe.ie/energy/communityenergy.html)
- RESCOOP: [www.rescoop.eu/](http://www.rescoop.eu/)
- Covenant of Mayors: [www.covenantofmayors.eu/en/](http://www.covenantofmayors.eu/en/)
- Community Energy Scotland: [www.communityenergyscotland.org.uk/](http://www.communityenergyscotland.org.uk/)
- Community Power: [www.communitypower.eu/en/](http://www.communitypower.eu/en/)





# LECo

Local Energy Communities

## Project Partners

Centria University of Applied Sciences (Finland),  
Western Development Commission (Ireland), Luleå University of Technology (Sweden),  
Renewable Energies Agency (Germany)\*, Jokkmokk municipality (Sweden),  
The Gaeltacht Authority (Ireland), Lohtaja Energy Cooperative (Finland),  
UiT – the Arctic University of Norway (Norway)

\*Outside the NPA Programme area

